C/2024/1602

15.2.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11459 — CINVEN / BARENTZ)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/1602)

1. An 7 Feabhra 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Cinven Limited (an Ríocht Aontaithe), ar cuideachta phríobháideach theoranta í atá faoi rialú Cinven (Geansaí),

— Barentz Holding B.V. ('Barentz', an Ísiltír) atá faoi rialú comhpháirteach an Sixth Cinven Fund (Geansaí) agus Stichting Barentz Beheer (an Ísiltír).

Gheobhaidh Cinven Limited rialú aonair ar Barentz ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuid de Cinven é Cinven Limited, cuideachta atá ionchorpraithe sa Ríocht Aontaithe. Is gnólacht cothromais phríobháidigh é Cinven a bhíonn ag gabháil do sheirbhísí bainistíochta infheistíochta agus seirbhísí comhairleacha infheistíochta a sholáthar do roinnt chistí infheistíochta. Na cuideachtaí i bpunann infheistíochtaí Cinven, tá siad gníomhach in earnálacha éagsúla ar fud réimse dlínsí,

— Tá Barentz gníomhach i ndáileadh comhábhar agus breiseán le haghaidh thionscal chothú an duine, thionscal na cogasaíochta, thionscal an chúraim phearsanta, thionscal na n-ábhar ardfheidhmíochta, agus thionscal an chothaithe ainmhithe ar fud an Aontais Eorpaigh agus i roinnt tíortha ar fud an domhain.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11459 — CINVEN / BARENTZ

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË